Cúrsaí Polaitíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc speisialta olltoghcháin ó Chontae Mhaigh Eo. Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- generally
- significant
- complaining
- in his own constituency
- that type of expenditure
- erosion
- Accident and Emergency Unit
- on trolleys
- huge influence/impact
- in the heart of the Taoiseach's constituency
- family doctors

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a dúirt Áine Ní Chiaráin faoin obair a rinne an Taoiseach ina dháilcheantar féin?

2. Cad a bhí le rá ag Ruairí Mac Con Iomaire faoi chúrsaí sláinte?

Ceist 3 **A**. Cén chanúint atá ag na cainteoirí ar fad? Féach ar an tuairisc arís agus breac síos aon ní a chloiseann tú a chuireann an chanúint sin in iúl.

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

B. An raibh na cainteoirí deacair a thuiscint? Cén fáth?

Ceist 4 '…a Ruairí…'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Bain úsáid as na hainmneacha seo thíos chun na rialacha a bhaineann leis an ngné sin den ghramadach a chur in iúl:

   Cathal
   Pádraig
   Clár
   Bríd

Ceist 5 '…deacrachtaí móra…'

Sa sampla thuas tá an t-ainmfhocal agus an aidiacht san iolra. Athraigh na focail idir lúibíní thíos, más gá, chun gach ainmfhocal agus aidiacht a chur san iolra. Bí cúramach – séimhítear an aidiacht san iolra má leanann sí ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan chaol!

plátaí (bán): _____
gluaisteáin (Gearmánach): _____
fir (deas): _____
páistí (beag): _____
ríomhairí (costasach): _____
ceantair (mór): _____
pinn (dearg): _____
tionscadail (tábhachtach): _____
boird (álainn): _____
tithe (íseal): _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An mbeidh tú féin ag vótáil ar an Aoine? Cén áit?
2. Cé a bheidh sa chéad rialtas eile, dar leat?
3. An bhfuil laigí áirithe ag baint leis an daonlathas, dar leat? Cad iad?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
generally – *go ginearálta, go coitianta*
significant – *suntasach*
complaining – *ag gearán*
in his own constituency – *ina thoghlach féin*
that type of expenditure – *an cineál sin caiteachais*
erosion – *creimeadh*
Accident and Emergency Unit – *an tAonad Timpiste agus Éigeandála*
(an tAonad Éigeandála agus Timpiste a dúradh sa mhír*)*
on trolleys – *ar thralaithe*
huge influence/impact – *tionchar ollmhór*
in the heart of the Taoiseach's constituency - *i gcroílár dháilcheantar an Taoisigh*
family doctors – *dochtúirí teaghlaigh*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
A. Canúint Chonnacht.
Samplaí: *in éindí liom, go maith (foghraíocht), ag chuile dhuine, céard, sa mbliain, níl aon dabht faoi (foghraíocht).*
B. Tuairimíocht atá i gceist.

Ceist 4
An Tuiseal Gairmeach san uimhir uatha.
Úsáidtear an tuiseal gairmeach nuair a bhítear ag caint le duine i nGaeilge. Seo thíos cúpla nod chun cuidiú leat an tuiseal gairmeach, uimhir uatha, a úsáid!

- Cuirtear 'a' roimh an ainm.
  a Chathail, **a** Phádraig, **a** Chlár, **a** Bhríd

- Cuirtear séimhiú ar an ainm más féidir. (Ní chuirtear séimhiú ar ghuta – a Úna).
  a C**h**athail, a P**h**ádraig, a C**h**lár, a B**h**ríd

- Is minic a chríochnaíonn ainmneacha fear le consan leathan. Sa chás sin, caolaítear an t-ainm (seachas ainmneacha sa cheathrú díochlaonadh – a Liam).
  a Chatha**i**l, a Sheá**i**n, a Chiará**i**n

- Ní chaolaítear ainmneacha ban.
  a Chl**ár**, a Shiobh**án**, a Mhuir**eann**

Ceist 5

plátaí (bán):	*plátaí bána*
gluaisteáin (Gearmánach):	*gluaisteáin Ghearmánacha*
fir (deas):	*fir dheasa*
páistí (beag):	*páistí beaga*
ríomhairí (costasach):	*ríomhairí costasacha*
ceantair (mór):	*ceantair mhóra*
pinn (dearg):	*pinn dhearga*
tionscadail (tábhachtach):	*tionscadail thábhachtacha*
boird (álainn):	*boird áille*
tithe (íseal):	*tithe ísle*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá Áine agus Ruairí anois in éindí liom i gcónaí. A Áine, go ginearálta anois, an nglactar leis go raibh an rialtas seo go maith do mhuintir Mhaigh Eo le cúig bliana anuas?

Áine Ní Chiaráin
Bhuel, ní ghlactar go coitianta leis, go háirithe na chéad trí bliana, ní raibh an rialtas seo go maith do dhaoine i Maigh Eo nó in áit ar bith eile, mar go raibh an oiread sin le deisiú acu san eacnamaíocht. Ach tá sé suntasach, le, abraimis[1], bliain anuas, an méid airgid atá caite, go háirithe ag an Aire Stáit Michael Ring ar rudaí a bhaineann le spórt, ionaid phobail, agus ansin, nuair a fheiceann tú an litríocht atá ag an triúr teachtaí de chuid an rialtais, feicfidh tú liosta mór fada ag chuile[2] dhuine acu de scoileannaí[3] agus hallaí agus ní fios céard eile a fuair chuile rud …

Eimear Ní Chonaola
Ach an raibh daoine ag súil go ndéanfadh an Taoiseach níos mó dóibh?

Áine Ní Chiaráin
Bhí siad ag súil le i bhfad níos mó, go háirithe i mBaile Chaisleán an Bharraigh, iad den tuairim go mbeadh sé in ann rudaí a dhéanamh don bhaile agus nach mbeadh daoine eile ag gearán faoi, go raibh sé á dhéanamh ina thoghlach féin. Ach ní hé sin an stíl atá aige; is léir gur fhág sé an cineál sin caiteachais faoi Michael Ring.

Eimear Ní Chonaola
Bhí cúrsaí sláinte luaite go láidir ansin ag muintir Mhaigh Eo, a Ruairí. Tá go leor cainte faoi Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo agus, ar ndóigh, an creimeadh atá déanta ar sheirbhísí faoin tuath.

Ruairí Mac Con Iomaire
Níl aon dabht faoi sin. Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo go háirithe buailte agus tá fadhbanna móra san Aonad[4] Éigeandála agus Timpiste. Bunaíodh an tAonad[5] sin le freastal ar thart ar 20,000 duine sa mbliain[6], is cosúil, agus deirtear liom anois go bhfuil suas le 35,000 sa mbliain ag tóir air[7] agus na háiseanna céanna acu. *So* cén t-ionadh an brú aisteach atá orthu? Tá lucht mór daoine ar thralaithe agus tá tionchar, dar ndóigh, aige sin ar obráidí lae agus ar leapacha in áiteanna eile san áit. *So* tá tionchar ollmhór air sin agus tá daoine thar a bheith míshásta leis sin, i gcroílár dháilcheantar an Taoisigh féin. Anuas air sin, mar a deir tú, seirbhísí eile ar fud na tuaithe, tá Jerry Cowley ag rith ar ná go bhfuil fadhb mhór le dochtúirí teaghlaigh faoin tuath agus ní fadhb é sin atá… tá sin go forleathan, níl sé amháin anseo ach tá sé go trom anseo freisin agus is ar an mana sin ... atá seisean ag rith. Ach, níl aon dabht faoi ach go bhfuil deacrachtaí móra sláinte anseo.

[1] *deirimis* a deirtear
[2] *gach uile* an leagan caighdeánach
[3] *scoileanna* an t-iolra caighdeánach
[4] *Ionad* a deirtear
[5] *an Ionad* a deirtear
[6] Córas Chonnacht
[7] *ag tóir air* a deirtear; *ag triall air* a bhí i gceist, is dócha